

Eleathanach229

Dé Luain 14 Márta 2016

Na daoine is sine ar domhan

Rugadh Israel Kristal sa Pholainn. Mhair sé tríd an gCéad Chogadh Domhanda agus tríd an Dara Cogadh Domhanda. Ba Ghiúdaigh iad a mhuintir. Chaith sé tréimhse sa champa géibhinn a bhí ag na Gearmánaigh ag Auschwitz-Birkenau. Fuair a bhean chéile bás ann.

Rugadh Israel ar an 15 Meán Fómhair sa bhliain 1903. Tá sé 112 bliain d'aois mar sin. Is é Israel Kristal an fear is sine ar domhan anois.

I Meiriceá atá an duine is sine ina cónaí. Rugadh an bhean Susannah Mushatt Jones ar 6 Iúil sa bhliain 1899. Tá sise 116 bliain d'aois mar sin.



An bhfuil 116 coinneal ar an gcáca milis seo?

Cé a bheidh sa rialtas nua?

Tháinig an Dáil nua le chéile Déardaoin seo caite. Tá níos mó Teachtaí Dála ag Fine Gael ná mar atá ag aon pháirtí eile. Tá Fianna Fáil sa dara háit agus Sinn Féin sa tríú háit.

Ach níl go leor Teachtaí Dála ag aon pháirtí acu le rialtas a chur le chéile. Mura n-éiríonn le grúpa éigin de na páirtithe éagsúla teacht le chéile beidh toghchán eile againn go luath.

Bhí ar Enda Kenny éirí as a phost mar Thaoiseach. Ní bhfuair sé go leor tacaíochta ó na Teachtaí Dála eile. Beidh sé ag obair mar Thaoiseach Sealadach go dtí go mbeidh rialtas nua ann. Fuair Séan Ó Feargháil post mar cheann comhairle.



An Leadóg

Is imreoir leadóige í Maria Sharapova. Is Rúiseach í agus tá sí ocht mbliana is fiche d'aois. Bhuaigh sí an comórtas leadóige i *Wimbledon* in 2004 agus bhuaigh sí Craobhchomórtas Oscailte Leadóige na Fraince in 2012 agus 2014.

Theip uirthi i dtríail drugaí spóirt san Astráil. Ar na meáin chumarsáide dúirt sí go raibh brón uirthi go ndearna sí an botún seo. Tá seans ann anois nach mbeidh cead aici imirt i gcomórtais go ceann tamaillín.



An rugbaí idirnáisiúnta

An deireadh seachtaine seo bhuaigh foireann rugbaí na hÉireann ar an Iodáil le scór mór. Fuair siad 58 pointe i gcoinne 15. Scóráil siad 9 n-úd.

Bhuaigh Sasana ar an mBreatain Bheag leis an scór fiche a cúig pointe i gcoinne fiche a haon. Bhuaigh an Albain i gcoinne na Fraince leis an scór 29-18. Ciallaíonn sin gur bhuaigh Sasana Craobh Sé Náisiún na bhFear i mbliana.

Rugbaí na mBan

Má tá an bua ag Sasana i gcoinne na Fraince an deireadh seachtaine seo chugainn beidh Craobh Sé Náisiún na mBan acu freisin.